



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 4 2014

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 25ú Feabhra 2015

Achoimre ar thorthaí ceannlíne

Príomhthorthaí	Ráithe 4 2014	Athrú bliantúil
Fostaithe	1,938,900	+29,100
Dífhostaithe	213,600	- 39,600
Sa Lucht Saothair	2,152,500	-10,500
Níl sa Lucht Saothair	1,449,300	+15,000

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- ◆ Bhí méadú bliantúil i bhfostaíocht arbh ionann é agus 1.5% nó 29,100 sa bhliain chuig an gceathrú ráithe de 2014, ag tabhairt an líon iomlán i bhfostaíocht go 1,938,900.
- ◆ Ar bhonn choigeartú séasúrach, tháinig méadú 9,700 (+0.5%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann sé seo ar aghaidh ó mhéadú coigeartaithe séasúraigh de chuid 11,000 (+0.6%) i bhfostaíocht i R3 2014.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 11.1% go 10.4% i gcaitheamh na ráithe.
- ◆ Laghdaigh dífhostaíocht faoi 39,600 (-15.6%) sa bhliain go R4 2014, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 213,600.
- ◆ Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 7.2% go 5.7% i gcaitheamh na bliana go R4 2014. Ba í dífhostaíocht fhadtéarmach ba chúis le 57.8% den dífhostaíocht iomlán i R4 2014 i gcomparáid le 61.4% bliain roimhe sin agus 59.9% sa gceathrú ráithe den bhliain 2012.

Lucht Saothair

- ◆ Bhí an líon iomlán daoine sa lucht saothair sa gceathrú ráithe den bhliain 2014 cothrom le 2,152,500, arb ionann sin agus laghdú de chuid 10,500 (-0.5%) i gcaitheamh na bliana. B'ionann an líon daoine nach raibh sa lucht saothair i R4 2014 agus 1,449,300, méadú de chuid 15,000 (+1.0%) i gcaitheamh na bliana

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491
Facs 021 453 5492
R-phost labour@cs0.ie

Central Statistics Office

25 Feabhra 2015

– CRÍOCH –